Aibreán 2016/QG1-V2 © QQI

Croí

# Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta

## arna gcur i dtoll a chéile d'úsáid na soláthraithe uile

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# Imlíne an Doiciméid

## Roinn 1: Buneolas agus Comhthéacs

Ina leagtar amach cuspóir na dtreoirlínte reachtúla um dhearbhú cáilíocht agus ina n-aithnítear cé dóibh iad. Sainmhínítear an rud atá i gceist le beartais agus gnásanna dearbhaithe cáilíochta faoi úinéireacht an tsoláthraí.

## Roinn 2: Na Croí-Threoirlínte

Ina n-aithnítear na haon réimse dhéag lárnacha ina bhfuiltear ag súil go mbeidh gnásanna dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm ag soláthraithe, agus mionléiriú ar a bhfuiltear ag súil leis ó ghnásanna soláthraithe sna réimsí seo.

# CROÍ- THREOIRLÍNTE REACHTÚLA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA

## ARNA GCUR I DTOLL A CHÉILE D'ÚSÁID NA SOLÁTHRAITHE UILE

**DESIGNER NOTE:**
**PAGE NUMBERING WILL BE INSERTED ON PROOF #2**

**Roinn 1: Buneolas agus Comhthéacs ........ 1**
1.1 Réamhrá ........ 1
1.2 Cad é cuspóir na dtreoirlínte seo? ........ 1
1.3 Cé dóibh na treoirlínte seo? ........ 1
1.4 An córas náisiunta oideachais agus oiliúna ........ 2
1.5 Cáilíocht agus dearbhú cáilíochta ........ 2
1.6 Dearbhú cáilíochta faoi úinéireacht soláthraí (DC inmheánach) ........ 2
1.7 Dearbhú Cáilíochta Seachtrach ........ 3
**Roinn 2: Na Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta**
1 Rialachas agus Bainistíocht Cáilíochta ........ 5
1.1 Rialachas ........ 5
1.2 Bainistíocht an dearbhaithe cháilíochta ........ 7
1.3Cultúr cáilíochta a leabú ........ 8
2 Cur chuige Doiciméadaithe i leith Dearbhú Cáilíochta ........ 9
2.1 Beartais agus gnásanna doiciméadaithe ........ 9
2.2 Córas cuimsitheach ........ 10
3 Cláir Oideachais agus Oiliúna ........ 10
3.1 Forbairt agus ceadú clár ........ 10
3.2 Iontráil, dul chun cinn agus aitheantas d'fhoghlaimeoirí ........ 11
3.3 Monatóireacht agus athbhreithniú ar chláir ........ 11
4 Earcaíocht, Bainistíocht agus Forás Foirne ........ 12
4.1 Earcú foirne ........ 12
4.2 Cumarsáid foirne ........ 13
4.3 Forás foirne ........ 13
5 Múineadh agus Foghlaim ........ 13

**DESIGNER NOTE:**
**PAGE NUMBERING WILL BE INSERTED ON PROOF #2**


5.1 Múineadh agus foghlaim ..........13

5.2 Éiteas soláthraí trína gcuirtear an fhoghlaim chun cinn ..........13

5.3 Cleachtas éifeachtach náisiúnta agus idirnáisiúnta .......... 14

5.4 Timpeallachtaí foghlama ..........14

6 Measúnú ar Fhoghlaimeoirí .......... 15

6.1 Measúnú ar ghnóthachtáil foghlama .......... 15

7 Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí .......... 16

7.1 Tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí .......... 16

8 Bainistíocht Faisnéise agus Sonraí ..........17

8.1 Córais faisnéise ..........17

8.2 Córais faisnéise foghlaimeora .......... 18

8.3 Córais faisnéise bainistíochta .......... 18

8.4 Faisnéis le haghaidh pleanála .......... 18

8.5 Rátaí críochnaithe .......... 18

8.6 Taifid a choimeád agus a choinneáil .......... 18

8.7 Cosaint sonraí agus saoráil faisnéise .......... 18

9 Faisnéis agus Cumarsáid Phoiblí .......... 19

9.1 Faisnéis phoiblí .......... 19

9.2 Faisnéis d'fhoghlaimeoirí .......... 19

9.3 Tuarascálacha meastóireachta ar dhearbhú cáilíochta a fhoilsiú .......... 19

10 Páirtithe eile atá bainteach le hOideachas agus Oiliúint.......... 20

10.1 Piarchaidreamh leis an bpobal ginearálta oideachais agus oiliúna .......... 20

10.2 Comhpháirtíochtaí seachtracha agus dara soláthraithe .......... 20

10.3 Saineolaithe ar phainéil, scrúdaitheoirí agus fíordheimhnitheoirí .......... 20

11 Féinmheasúnú, Monatóireacht agus Athbhreithniú .......... 21

11.1 Athbhreithniú inmheánach, féinmheastóireacht, monatóireacht faoi úinéireacht an tsoláthraí .......... 21

11.2 Féinmhonatóireacht inmheánach .......... 21

11.3 Féinmheasúnú, feabhsú agus breisiú .......... 22

11.4 An caidreamh idir dearbhú cáilíochta faoi úinéireacht soláthraí agus dearbhú cáilíochta seachtrach .......... 22

# ROINN 1: BUNEOLAS AGUS COMHTHÉACS

# RÉAMHRÁ

Leagtar amach go hachomair sa doiciméad seo na Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta (DC) a bhunaigh QQI do sholáthraithe cláir ardoideachais, breisoideachais agus mhúineadh an Bhéarla agus oiliúna.

Is treoirlínte "reachtúla" iad na treoirlínte seo: Ní mór do QQI treoirlínte DC a fhoilsiú faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (Acht 2012 sa doiciméad seo). Ceanglaíonn Acht 2012 freisin ar sholáthraithe "féachaint do" threoirlínte QQI um dhearbhú cáilíochta (DC) agus a gnásanna dearbhaithe cáilíochta féin á mbunú acu. Tá na prionsabail atá mar bhonn agus taca leis na treoirlínte seo leagtha amach i mBeartas QQI ar Threoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta. Ba cheart na Croí-Threoirlínte seo a bhreithniú in éineacht le treoirlínte DC earnáil-shonracha agus topaic-shonracha QQI mar is cuí.

## 1.1 CAD É CUSPÓIR NA DTREOIRLÍNTE SEO?

Tá na reoirlínte seo ceaptha:

- d'úsáid soláthraithe agus a gcuid beartas agus gnásanna dearbhaithe cáilíochta á ndearadh, á mbunú, á meas, á gcothabháil, á athnuachan agus á n-athbhreithniú acu.
- mar bhonn chun ceadú QQI a fháil do ghnásanna dearbhaithe cáilíochta an tsoláthraí (seachas i gcás ollscoileanna a bunaíodh roimhe seo)

Níl na treoirlínte seo beartaithe:

- mar shaintreoir do sholáthraithe ar conas a gcuid oibre a dhéanamh nó a n-eagraíochtaí a reáchtáil
- mar lámhleabhar "conas" do sholáthraithe ar an tslí le gnásanna DC a bhunú. Ina ionad sin, is faoi sholáthraithe atá sé córas dearbhaithe cáilíochta a bhunú atá oiriúnach dá gcomhthéacs aonair agus ina gcorpraítear gnásanna oibríochtúla agus córas chun monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na gnásanna sin araon

> Ba cheart na treoirlínte seo a léamh in éineacht le beartas QQI ar threoirlínte reachtúla DC.

## 1.2 CÉ DÓIBH NA TREOIRLÍNTE SEO?

Baineann na croí-threoirlínte DC seo le gach cineál soláthraí agus leis na cláir oideachais agus oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhar a thairgeann siad. Cuirtear ar fáil iad d'aird na soláthraithe a bhunaíonn gnásanna um dhearbhú cáilíochta faoi Acht 2012 agus dá n-úsáid. Athraíonn an comhthéacs dlíthiúil idir soláthraithe mar seo a leanas:

- Aithnítear ollscoileanna a bunaíodh roimhe seo agus Ollscoil na hÉireann (OÉ) mar ollscoileanna uathrialaitheacha agus ní mór dóibh féachaint do na treoirlínte DC agus a ngnásanna inmheánacha DC á gcur i dtoll a chéile acu.
- Ní mór d'fhorais cháiliúcháin eile, mar atá Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI), Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) agus institiúidí teicneolaíochta, féachaint do na treoirlínte DC sula gceadaíonn QQI a ngnásanna dearbhaithe cáilíochta.
- Ní mór do bhoird oideachais agus oiliúna, SOLAS agus Teagasc féachaint do na treoirlínte DC sula gceadaíonn QQI a ngnásanna DC.
- Soláthraithe neamhspleácha nó príobháideacha a sholáthraíonn cláir ardoideachais, breisoideachais, múineadh an Bhéarla agus oiliúna a thagann go deonach chuig QQI chun ceadú a lorg dá ngnásanna DC agus do rochtain ar dhámhachtainí QQI. Ní mór do sholáthraithe den sórt sin féachaint do na treoirlínte DC sula gceadaíonn QQI a ngnásanna DC.
- Ní mór do sholáthraithe nasctha féachaint do na treoirlínte DC sula gceadaíonn foras cáiliúcháin ainmnithe a ngnásanna DC.

## 1.3 AN CÓRAS NÁISIUNTA OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Tá gach soláthraí a thairgeann cláir as a leanann dámhachtainí sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) mar chuid den chóras náisiúnta oideachais agus oiliúna. Tá dearbhú cáilíochta mar thaca ag an gcóras seo, ina bhféachtar le muinín agus iontaoibh an phobail a chothú san oideachas agus san oiliúint a sheachadtar agus sna cáilíochtaí a ghnóthaíonn foghlaimeoirí dá mbarr.

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh gach soláthróir a thairgeann cláir as a leanann dámhachtainí sa CNC go bhfuil siad nasctha lena chéile agus le dea-cháil náisiúnta chóras na gcáilíochtaí, agus mar sin tá sé de dhualgas orthu seasamh le cáilíocht na tairisceana oideachais agus oiliúna. Tá QQI freagrach as dearbhú cáilíochta seachtrach an chórais oideachais agus oiliúna iar-mheánscoile, breisoideachais agus ardoideachais agus mhúineadh an Bhéarla.

## 1.4 CÁILÍOCHT AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Is gnách an téarma dearbhú cáilíochta (DC) a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar na próisis trína bhféachtar lena chinntiú go sroicheann an timpeallacht foghlama (lena n-áirítear teagasc agus taighde) tairseach inghlactha cáilíochta. Úsáidtear DC, leis, chun cur síos a dhéanamh ar bhreisiú an tsoláthair oideachais agus oiliúna agus ar na caighdeáin a bhaineann foghlaimeoirí amach.

## 1.5 DEARBHÚ CÁILÍOCHTA FAOI ÚINÉIREACHT SOLÁTHRAÍ (DC INMHEÁNACH)

Is é an soláthraí atá freagrach go príomha as cáilíocht agus as a dhearbhú. I dtéarmaí ginearálta, tagraíonn dearbhú cáilíochta faoi úinéireacht an tsoláthraí do na modhanna agus na gnásanna arna bhforbairt agus arna nglacadh ag soláthraithe chun leibhéal inmhianaithe cáilíochta a bhaint amach agus a choinneáil i soláthar oideachais, i dtaighde agus i seirbhísí gaolmhara. Beidh tionchar ag comhthéacs an tsoláthraí, lena n-áirítear a raon feidhme, leibhéal soláthair CNC agus spriocanna ginearálta an tsoláthraí, chomh maith lena

dhualgais sheachtracha maidir le gach páirtí leasmhar (m.sh. do rialtóirí agus do chomhlachtaí reachtúla agus gairmiúla agus riachtanais náisiúnta eile, ar leibhéal inmhianaithe cáilíochta agus castachta na ngnásanna gaolmhara. Is gnách gné sheachtrach a bheithe ag gabháil le gnásanna inmheánacha dearbhaithe cáilíochta, leis, mar shampla, painéil athbhreithnithe seachtracha nó scrúdaitheoirí.

Tagraíonn córas (dearbhaithe ) cáilíochta soláthraí do bheartais agus gnásanna inmheánacha DC uile an tsoláthraí ag obair le chéile chun iomlán comhtháite a chruthú. Mar shampla, beartais, gnásanna, treoirlínte, róil, freagrachtaí a bhaineann le hacmhainní daonna agus acmhainní eile a theastaíonn chun rialú, maoirseacht, bainistiú, anailísiú, cinntí a dhéanamh, athbhreithniú agus feabhas a chur ar cháilíocht an tsoláthair agus na seirbhísí gaolmhara. Is féidir le córas cáilíochta a bheith ann i soláthraithe beaga chomh maith le soláthraithe móra. Aithneofar córas dearbhaithe cáilíochta rathúil de bhrí go mbeidh sé éifeachtach, curtha in iúl go maith agus comhtháite le gnáthghníomhaíochtaí an tsoláthraí.

## 1.6 DEARBHÚ CÁILÍOCHTA SEACHTRACH

Tá na cuspóirí ginearálta céanna le dearbhú cáilíochta seachtrach agus atá le dearbhú cáilíochta faoi úinéireacht an tsoláthraí i.e. leibhéal inmhianaithe cáilíochta a chothú i gcláir oideachais, oiliúna, taighde agus i seirbhísí gaolmhara. Baintear na cuspóirí seo amach trí:

- Treoirlínte a bhunú ina leagtar amach ionchais náisiúnta chun bonn a chur faoi dhearbhú cáilíochta faoi úinéireacht an tsoláthraí
- Beartais agus gnásanna maidir le dearbhú cáilíochta seachtrach a bhunú agus a chur i bhfeidhm
- Ceadú do ghnásanna DC an tsoláthraí a thabhairt nó a tharraingt siar[1]
- Nuálaíocht agus breisiú agus feabhsú leanúnach ar mhodhanna dearbhaithe cáilíochta soláthraithe a chur chun cinn agus tacú leo
- Comhoibriú agus rannpháirtíocht le soláthraithe, agus aiseolas a bhailiú uathu, ar bheartais agus ar threoirlínte dearbhaithe cáilíochta
- Tuarascálacha athbhreithnithe cáilíochta a fhoilsiú, lena n-áirítear torthaí na n-athbhreithnithe ar chláir, soláthraithe, téamaí agus córais iomlána agus a cheangal ar sholáthraithe an rud céanna a dhéanamh

1 Ach amháin i gcás ollscoileanna a bunaíodh roimhe seo.

# 2 ROINN 2: NA CROÍ-THREOIRLÍNTE REACHTÚLA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Seo a leanas na príomhréimsí ar cheart díriú orthu i ngnásanna dearbhaithe cáilíochta an tsoláthraí:

1. Rialachas agus Bainistíocht Cáilíochta
2. Cur chuige Doiciméadaithe i leith Dearbhú Cáilíochta
3. Cláir Oideachais agus Oiliúna
4. Earcaíocht, Bainistíocht agus Forás Foirne
5. Múineadh agus Foghlaim
6. Measúnú ar Fhoghlaimeoirí
7. Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí
8. Bainistíocht Faisnéise agus Sonraí
9. Faisnéis agus Cumarsáid Phoiblí
10. Páirtithe eile atá bainteach le hOideachas agus Oiliúint
11. Féinmheastóireacht, Monatóireacht agus Athbhreithniú

# 1 RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT CÁILÍOCHTA

## 1.1 RIALACHAS

Tá córas i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar oideachas, oiliúint, taighde agus gníomhaíocht ghaolmhar an tsoláthraí chun a gcáilíocht a chinntiú. Cuireann an struchtúr rialachais seo deighilt freagrachtaí i bhfeidhm idir iad siúd a tháirgeann/a fhorbraíonn ábhar agus iad siúd a cheadaíonn é. Áirítear sa struchtúr rialachais grúpaí nó aonaid (i) a dhéanann cinntí agus (ii) a cheadaíonn iad. Seo roinnt samplaí ginearálta de réimsí arna rialú ag struchtúir rialachais:

- Oideachas, oiliúint agus gníomhaíochtaí gaolmhara (mar shampla, clár a chur i dtoll a chéile sula gceadaítear é agus sula gcuirtear isteach é le haghaidh meastóireachta nó bailíochtú)
- Gnásanna inmheánacha agus, nuair is cuí, seachtracha um cheadú cláir (bailíochtú).
- Torthaí foghlaimeora sula gcuirtear isteach iad lena gceadú mar cháilíochtaí/dámhachtainí agus le haghaidh deimhniú
- Torthaí féinmheastóireachta agus tuarascálacha feabhsúcháin seirbhíse cláir agus gaolmhara, lena n-áirítear bearta leantacha

Aithnítear grúpaí nó aonaid atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oideachas agus ar oiliúint, ar thaighde agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara i ngnásanna doiciméadaithe an tsoláthraí. Déantar na téarmaí tagartha do na grúpaí nó na haonaid seo a dhoiciméadú agus a fhoilsiú. I gcás

nach bhfuil scála an tsoláthraí oiriúnach chun tacú le coistí inmheánacha, cuirtear socruithe eile i bhfeidhm chun maoirseacht oibiachtúil a chinntiú.

Áirítear le córais dearbhaithe cáilíochta gnásanna trína gcinntítear (mar is cuí don chomhthéacs agus do chuspóir):

**a) Córas rialachais ina ndéantar cuspóirí a ailíniú le misean agus straitéis**

Díríonn an córas dearbhaithe cáilíochta ar conas agus cibé an mbaineann an soláthraí a chuspóirí amach agus (go tréimhsiúil) ar oiriúnacht na gcuspóirí i bhfianaise mhisean an tsoláthraí féin agus critéir eile. Sonraítear cuspóirí oibriúcháin (ar leibhéil éagsúla) agus déantar iad a ailíniú le misean, straitéis agus oibleagáidí an tsoláthraí i leith geallsealbhóirí seachtracha (reachtúla, rialála, gairmiúla nó eile).

**b) Tá an córas dearbhaithe cáilíochta faoi úinéireacht an tsoláthraí**

Déantar an córas dearbhaithe cáilíochta a leabú agus a chothabháil ar bhonn tras-eagraíochta agus bíonn gach ball foirne de chuid an tsoláthraí rannpháirteach ann. Áirítear leis seo gach leibhéal bainistíochta, riaracháin, foirne teagaisc agus foghlaimeoirí.

**c) Córas rialachais a chosnaíonn sláine na bpróiseas agus na gcaighdeán acadúil**

Léiríonn cinnteoireacht acadúil leasanna na bhfoghlaimeoirí agus cothabháil na gcaighdeán. Tá sé neamhspleách ar chúrsaí tráchtála. Ar an iomlán, ní bhíonn údarás nó tionchar míchuí ar chinnteoireacht acadúil ag cinnteoirí corparáideacha laistigh den soláthraí, cibé acu iontaobhaithe, úinéirí, scairshealbhóirí nó daoine eile. Tá na cáilíochtaí agus an taithí chuí ag cinnteoirí acadúla; tá siad feasach ar na hacmhainní atá ar fáil do sheachadadh clár agus cinntíonn siad go ndéantar caighdeáin a choinneáil.

**d) Córas rialachais ina gcuirtear riosca san áireamh**

Tá gnásanna i bhfeidhm chun riosca a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Tá gnásanna i bhfeidhm ag an gcóras rialachais chun a chinntiú nach mbíonn an soláthraí ag gabháil do ghníomhaíochtaí ná do chomhpháirtíochtaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'ionracas an oideachais agus na hoiliúna a thairgtear nó de dhámhachtainí sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a leanann astu, in Éirinn nó thar lear. Clúdaíonn riosca an modh soláthair, mar shampla, modhanna malartacha seachadta nach nglacann córas DC leo. Nithe eile a chuirtear san áireamh faoin téarma riosca:

- sláine acadúil a chothabháil
- calaois acadúil nó calaois eile a bhaineann le soláthar agus seirbhísí gaolmhara a sheachaint
- pleanáil chun acmhainn a chinntiú chun seirbhísí imleor a sholáthar do líon agus cineál na mac léinn a earcaítear

**e) Córas rialachais a chuireann torthaí meastóireachtaí inmheánacha agus seachtracha san áireamh**

Déantar machnamh ar thorthaí na bpróiseas meastóireachta agus féinmhonatóireachta inmheánacha agus seachtracha. Forbraítear freagraí cuí, lena n-áirítear pleananna gníomhaíochta, i bhfianaise na dtorthaí sin agus na taithí roimhe sin (treochtaí san áireamh).

## 1.2 BAINISTÍOCHT AN DEARBHAITHE CHÁILÍOCHTA

Tá gnásanna dearbhaithe cáilíochta mar chuid de chóras comhleanúnach, atá lárnach do chultúr dearbhaithe cáilíochta a chur chun cinn laistigh den soláthraí. Áirítear ar na gníomhaíochtaí bunúsacha a ghabhtar i mbeartais agus i ngnásanna an chórais bainistíochta cáilíochta na nithe seo a leanas, ach níl sé teoranta dóibh:

- Cur síos ar phróisis.
- Róil agus poist atá freagrach as cur i bhfeidhm na mbeartas agus na ngnásanna dearbhaithe cáilíochta a shainaithint, a dtugtar cur síos soiléir orthu agus a ainmnítear go soiléir.
- Féinmhonatóireacht ar phróisis. Forbraítear táscairí agus bailítear sonraí ar féidir iad a úsáid chun éifeachtacht na mbeartas agus na ngnásanna a thomhas.
- Anailís chórasach ar thorthaí DC tar éis féinmheastóireacht a dhéanamh le páirtithe leasmhara. Tá sraitheanna de phróisis mhodhnóireachta agus mhaoirseachta, de réir mar is cuí, i bhfeidhm chun anailís straitéiseach agus comhordaithe ar fhaisnéis ag leibhéil chuí a chumasú.
- Cinnteoireacht shoiléir agus obair leantach. Tá gnásanna cinnteoireachta foirmiúla mar chuid de shásraí meastóireachta éagsúla an tsoláthraí, lena n-áirítear gnásanna chun gur féidir leis an gcóras rialachais nó a choibhéis na meicníochtaí sin a mhaoirsiú. Gníomhaíonn an bhainistíocht ar thorthaí na féinmheastóireachta.
- Áirítear leis seo bonn acmhainní atá dóthanach chun inbhuanaitheacht a chinntiú; Tacaíonn an bonneagar corparáideach, lena n-áirítear sócmhainneacht airgeadais an ghnó, le hinbhuanaitheacht na timpeallachta teagaisc agus foghlama agus cuireann sé taca faoin gcóras dearbhaithe cáilíochta. Tá dóthain acmhainní ag an soláthraí chun tabhairt faoi na cláir oideachais agus oiliúna nó taighde atá beartaithe agus iad a chríochnú. Cuirtear gnásanna le haghaidh pleanáil leanúnach i dtoll a chéile chun teagmhais a d'fhéadfadh bagairt a chur ar an soláthraí a thuiscint agus a réamh-mheas agus chun a chinntiú go mbíonn an soláthraí inbhuanaithe i gcónaí.

I measc roinnt samplaí de réimsí atá le cur san áireamh i gcóras DC an tsoláthraí::

- Is é misean na heagraíochta a ról mar sholáthraí clár oideachais agus oiliúna a shoiléiriú.
- Beartais a léiríonn tuiscint iomlán ar oibleagáidí reachtacha an tsoláthraí. Beidh na beartais mar bhonn taca le:
  - cúrsaí bainistíochta agus cúrsaí foirne maidir leis an gcur chuige ginearálta a ghlacfar i leith na hoibre sin
  - foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara eile maidir leis an méid ar féidir leo a bheith ag súil leis ón soláthraí
- Deartar na gnásanna chun na beartais a chur i bhfeidhm.
- Trí chóras féinmheastóireachta déantar éifeachtacht na ngnásanna a sheiceáil go rialta agus feidhmeoidh siad mar chóras luathrabhaidh i réimsí den soláthraí ina bhfuil gá le feabhsú. Áiríonn sé seo sonraí a bhailítear a úsáid agus a chur i gcomparáid le táscairí, mar shampla, rátaí críochnaithe agus dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí.
- Córas féinmheastóireachta trína ndéanfaidh an soláthraí athbhreithniú agus tuairisciú ar cháilíocht a chláir féin agus seirbhísí gaolmhara. Áireofar i ngach meastóireacht den sórt sin tuairimí na bhfoghlaimeoirí agus na meastóirí neamhspleácha ar féidir leo comparáid a dhéanamh le cláir eile den sórt céanna a chuirtear ar fáil in áiteanna eile.
- Córas chun freagairt a thabhairt ar thorthaí féinmhonatóireachta agus athbhreithnithe ina ndíreofar ar réimsí le feabhsú agus a thógfaidh ar réimsí cumais. Úsáideann an soláthraí táscairí/tagarmharcanna ar féidir sonraí cláir a chur i gcomparáid leo.

## 1.3 CULTÚR CÁILÍOCHTA A LEABÚ

Tá cultúr dearfach ardchaighdeáin leabaithe – tá pobal teagaisc agus foghlama an tsoláthraí ina iomláine ag obair ar bhealach comhleanúnach agus comhtháite chun an clár oibre cáilíochta a chur i bhfeidhm. Geallann an soláthraí cultúr a fhorbairt go gníomhach ina n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le cáilíocht, dearbhú cáilíochta, feabhsú agus feabhsú cáilíochta.

Chun tacú le cultúr cáilíochta a fhorbairt, forbraíonn an soláthraí straitéis chun cáilíocht a fheabhsú go leanúnach i ngach gníomhaíocht agus tomhaiseann sé baint amach na gcuspóirí atá leagtha síos, mar is amhlaidh i gcás straitéisí, pleananna agus spriocanna pleanála corparáideacha nó eagraíochta eile. I measc roinnt gnéithe de straitéisí cáilíochta den sórt sin tá:

- Córas cáilíochta atá faoi úinéireacht an tsoláthraí ina bhfuil foireann agus foghlaimeoirí uile an tsoláthraí páirteach i ndearbhú cáilíochta, agus ina nglactar le feabhsú na

cáilíochta mar fhreagracht do chách. Tá an fhoireann toilteanach cáilíocht a fheabhsú agus glactar leis go bhfuil a chion féin le déanamh ag gach ball foirne san fheabhsú sin.

- Déantar sainfhreagrachtaí dearbhaithe cáilíochta a shannadh, bunaithe ar phrionsabal na coimhdeachta. Deartar beartais agus gnásanna i gcomhairle leo siúd go léir a bhfuil baint acu lena gcur i bhfeidhm, chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara.
- Gnásanna lena n-áirítear léaráidí ina ndéantar cur síos agus míniú ar na cosáin aiseolais agus eolais chun cinn dearbhaithe cáilíochta.
- Cur chuige iomlánaíoch i dtreo dearbhú cáilíochta áit a bhfuil ríthábhacht le feabhsú leanúnach. Déantar gnásanna a chomhtháthú le gnáthghníomhaíochtaí an tsoláthraí, agus bíonn an oiread is lú is féidir riachtanais riaracháin ann.
- Gealltanas chun acmhainní dóthanacha a sholáthar le gur féidir cur i bhfeidhm gnásanna dearbhaithe cáilíochta a chumasú agus a éascú, iad seo agus pleananna feabhsaithe cáilíochta a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Cur chuige cothromaithe ar fud na heagraíochta maidir le gnásanna dearbhaithe cáilíochta a chur i bhfeidhm lena chinntiú:
  - nach gceileann ualach na ngnásanna an cuspóir atá le cultúr cáilíochta a bhunú
  - nach gceileann cur chuige caighdeánaithe úinéireacht agus príomhfhócas ar fheabhsú cáilíochta

# 2 CUR CHUIGE DOICIMÉADAITHE I LEITH DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

## 2.1 BEARTAIS AGUS GNÁSANNA DOICIMÉADAITHE

Tá an córas dearbhaithe cáilíochta doiciméadaithe go hiomlán; tá beartais láidre, doiciméadaithe agus gnásanna gaolmhara ann chun cáilíocht agus caighdeáin an tsoláthair a chinntiú.

Leagtar amach i gcóras dearbhaithe cáilíochta doiciméadaithe tiomantas an tsoláthraí don cháilíocht i dtéarmaí soláthar clár, taighde agus gníomhaíochtaí gaolmhara de réir mar is cuí. Tagraíonn sé freisin do shocruithe chun éifeachtacht na mbeartas agus na ngnásanna a mheas nó a athbhreithniú go hinmheánach agus a fheabhsú go leanúnach.

Tá na beartais agus na gnásanna éifeachtach agus oiriúnach don fheidhm. Déantar féinmhonatóireacht rialta ar ghnásanna dearbhaithe cáilíochta chun éifeachtacht leanúnach a chinntiú de réir mar a athraíonn cúinsí an tsoláthraí. Déantar beartais agus gnásanna a fuarthas a bheith neamhéifeachtach a leasú nó a athsholáthar.

I gcás beartas agus gnásanna dearbhaithe cáilíochta an tsoláthraí:

- bíonn siad bunaithe ar threoirlínte dearbhaithe cáilíochta QQI
- déantar iad a dhoiciméadú go hiomlán agus a chur ar fáil don phobal (foilsithe); cuirtear faisnéis riachtanach ar fáil don fhoireann agus don phobal de réir mar is gá i bhformáidí inúsáidte

- bíonn siad oiriúnach don fheidhm agus oiriúnach do chomhthéacs an tsoláthraí
- bíonn seasamh foirmiúil acu laistigh den soláthraí agus bíonn siad mar chuid den bhainistíocht straitéiseach
- bíonn ról d'fhoghlaimeoirí agus do pháirtithe leasmhara eile iontu
- cuirtear cultúr cáilíochta chun cinn
- déantar éagsúlacht a éascú agus tacaítear le nuálaíocht
- clúdaítear aon ghnéithe de ghníomhaíochtaí soláthraí atá ar fo-chonradh do pháirtithe eile nó a dhéanann páirtithe eile sa bhaile nó thar lear
- léirítear cuntasacht mar ghnáthrud, ach bítear ag féachaint le feabhsú leanúnach a dhéanamh i gcónaí
- déantar iad a athbhreithniú go tréimhsiúil lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus éifeachtach i gcónaí
- bíonn siad comhsheasmhach le ceanglais na reachtaíochta ábhartha

### 2.2 CÓRAS CUIMSITHEACH

Tá beartais, gnásanna agus córais dearbhaithe cáilíochta deartha mar chóras cuimsitheach. Tá dearbhú cáilíochta fite fuaite isteach i ngníomhaíochtaí an tsoláthraí ag gach leibhéal. Cuimsíonn dearbhú cáilíochta an réimse corparáideach (m.sh. rialachas, airgeadas, acmhainní daonna) agus an réimse acadúil araon. Aistrítear an beartas agus na gnásanna go cleachtas trí phróisis éagsúla dearbhaithe cáilíochta inmheánacha trína gceadaítear rannpháirtíocht na foirne ar fad laistigh den soláthraí.

## 3 CLÁIR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

### 3.1 FORBAIRT AGUS CEADÚ CLÁR

Is ar shlí chórasach a dhéantar cláir nua a dhearadh. Ceadaítear dóthain ama chun na comhairliúcháin inmheánacha agus seachtracha riachtanacha a dhéanamh le geallsealbhóirí. Áirítear leis sin meastóireacht ar chláir nua trí na struchtúir chinnteoireachta inmheánacha iomchuí, a cheadaíonn don bhainistíocht agus don rialachas araon cláir nua a mheas.

Cinntíonn beartais agus gnásanna maidir le dearadh agus formheas clár go ndéantar cláir:

- a dhearadh le cuspóirí foriomlána cláir agus straitéisí cláir atá ag teacht le straitéis an tsoláthraí agus go mbíonn torthaí foghlama soiléire beartaithe acu
- a fhorbairt de réir riachtanais an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí agus na mbeartas agus na ngnásanna gaolmhara ar Rochtain, Aistriú agus Dul Chun Cinn

- a dhearadh tar éis dul i gcomhairle le foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara eile
- go dtairbhíonn siad de shaineolas agus de phointí tagartha seachtracha chun a chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais ghairme nuair is cuí
- a dhearadh chun dul chun cinn rianúil a chumasú d'fhoghlaimeoirí laistigh de chláir agus eatarthu
- a dhearadh ionas go ndéantar ualach oibre ionchasach an fhoghlaimeora a shainiú
- a dhearadh ionas go gcomhlíonann siad beartais agus ceanglais inmheánacha agus eile rialála nó gairmiúla
- a dhearadh ionas go gcuimseoidh siad gnásanna trínar féidir soláthar a chomhordú ag leibhéal na dáimhe (nó a coibhéis) agus ag leibhéal an choláiste nó an ionaid (nó a choibhéis) d'ilchláir
- a dhearadh ionas go gcuimsítear iontu deiseanna socrúcháin dea-struchtúrtha nuair is cuí (lena n-áirítear tréimhsí oiliúna, intéirneachtaí, agus am eile lasmuigh den soláthraí atá deartha chun taithí a thairiscint i réimse a bhaineann leis an gclár staidéir)
- a chur faoi réir próisis fhoirmiúla ceadaithe soláthraithe inmheánacha i gcomparáid le critéir sainithe
- a chur faoi réir monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú tréimhsiúil
- a dhearadh agus an modh seachadta beartaithe agus an timpeallacht foghlama a bheith curtha san áireamh

## 3.2 CEAD ISTEACH, DUL CHUN CINN AGUS AITHEANTAS FOGHLAIMEORA

Tá rialacháin réamhshainithe agus foilsithe ann, a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach, trína gclúdaítear gach réimse a bhaineann le hiontráil, dul chun cinn, aithint agus deimhniú dámhachtainí foghlaimeoirí. Bunaítear beartais rochtana, próisis agus critéir iontrála agus cuirtear i bhfeidhm iad go comhsheasmhach agus ar bhealach trédhearcach agus de réir na mbeartas agus na ngnásanna náisiúnta um Rochtain, Aistriú agus Dul chun cinn.

I measc na mbeartas agus na ngnásanna maidir le hiontráil, dul chun cinn agus aithint foghlaimeoirí tá:

- Gnásanna iontrála, aitheantais agus críochnaithe atá oiriúnach don fheidhm.
- Ionduchtú foghlaimeora isteach sa soláthraí agus sa chlár araon.
- Próisis agus uirlisí chun faisnéis a bhailiú, monatóireacht a dhéanamh ar, agus gníomhú ar fhaisnéis faoi dhul chun cinn foghlaimeoirí agus rátaí críochnaithe.
- Aitheantas cothrom do cháilíochtaí oideachais agus oiliúna, tréimhsí staidéir agus réamhfhoghlama, lena n-áirítear aitheantas d'fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus mífhoirmiúil.
- Gnásanna aitheantais cuí. Tá siad seo de réir na mbeartas agus na gcritéar náisiúnta le haghaidh rochtana, aistriú agus dul chun cinn agus leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus le haon phrionsabail, coinbhinsiúin agus treoirlínte aitheanta Eorpacha lena n-áirítear an Creat Eorpach Cáilíochtaí (EQF).

Bíonn comhoibriú ann le soláthraithe agus gníomhaireachtaí eile de réir mar is cuí. Tá comhoibriú ann go háirithe le QQI mar an pointe tagartha náisiúnta don EQF agus don Lárionad Faisnéise Náisiúnta um Aitheantas Acadúil (NARIC).

## 3.3 MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ AR CHLÁIR

Déantar monatóireacht ar sheachadadh clár ar bhealach trínar féidir riachtanais a aithint agus an clár agus an modh seachadta a mhionathrú agus a choigeartú de réir mar is cuí. Baintear leas as monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú tréimhsiúil ar chlár mar dheis chun an clár sin a mheas le buntáiste ó thaithí ar chláir a sheachadadh, lena gcuimsítear aiseolas ón bhfoireann agus ó fhoghlaimeoirí. Léirítear fianaise den sórt sin i sonraí maidir le rollú foghlaimeoirí agus ráta críochnaithe an chláir; aiseolas ó fhoghlaimeoirí, múinteoirí, oiliúnóirí, fostóirí agus/nó lucht tionscail agus meastóireachtaí ar an gclár. Féachtar ar mhonatóireacht agus athbhreithniú cláir mar dheis chun:

- a chinntiú go mbíonn an clár oiriúnach i gcónaí, agus go gcruthaítear timpeallacht foghlama atá tacúil agus éifeachtach
- a chinntiú go mbaineann an clár amach na cuspóirí atá leagtha síos dó agus go bhfreagraíonn sé do riachtanais foghlaimeoirí agus do riachtanais na sochaí, riachtanais atá ag athrú
- ualach oibre an fhoghlaimeora a athbhreithniú
- dul chun cinn an fhoghlaimeora agus ráta críochnaithe a chríochnú
- éifeachtacht na ngnásanna maidir le measúnú foghlaimeoirí a athbhreithniú
- bheith mar bhonn le hábhar cláir a nuashonrú; móid seachadta; modhanna teagaisc agus foghlama tacaíochtaí agus acmhainní foghlama agus eolas a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí
- tríú páirtithe, lucht tionscail nó geallsealbhóirí eile a bhaineann leis an gclár/na cláir a thabhairt cothrom le dáta
- socruithe dearbhaith cáilíochta a bhaineann go speisialta leis an gclár sin a athbhreithniú
- Cuirtear monatóireacht rialta ar chlár faisnéis ar fáil le haghaidh athbhreithniú tréimhsiúil ar an gclár. Déantar an fhaisnéis a bhailítear a anailísiú agus oiriúnaítear an clár le cinntiú go bhfuil sé suas chun dáta. Foilsítear sonraíochtaí athbhreithnithe do chláir.

# 4 EARCAÍOCHT, BAINISTÍOCHT AGUS FORÁS FOIRNE

Glacann an soláthraí freagracht as cáilíocht a bhaill foirne agus as timpeallacht thacúil a sholáthar dóibh inar féidir leo a gcuid oibre a dhéanamh go héifeachtach.

## 4.1 EARCÚ FOIRNE

Dearbhaíonn an soláthraí é féin maidir le hinniúlacht a bhaill foirne. Tá cur chuige córasach ann i leith earcaíocht chothrom agus trédhearcach agus forbairt ghairmiúil bhreise do dhaoine atá ag gabháil do sheachadadh clár agus seirbhíse. Cinntíonn an soláthraí go háirithe go bhfuil go leor taithí agus saineolais ag an bhfoireann acadúil agus riaracháin chun a róil ainmnithe a chomhlíonadh agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar thimpeallacht teagaisc agus foghlama na mac léinn.

Léiríonn beartas sa réimse seo tiomantas an tsoláthraí maidir le foireann chuícháilithe a cheapadh do ról an mhúinteora/teagascóra/oiliúnóra agus do gach ról eile atá freagrach as seirbhísí gaolmhara agus chun deiseanna a sholáthar le haghaidh tuilleadh foráis foirne.

Tá na critéir ghinearálta agus an cur chuige a úsáidtear in earcú foirne sonraithe go soiléir agus trédhearcach. Nuair is gá, baintear úsáid as critéir roghnúcháin níos mionsonraithe, trína gcuimsítear gnéithe eile den ról atá ag teastáil in aon chomhthéacs ar leith. Aithnítear sna coinníollacha fostaíochta an tábhacht a bhaineann le teagasc don fhoireann ábhartha. Cuid lárnach de na gnásanna roghnúcháin d'aon duine atá fostaithe chun foghlaimeoirí a mhúineadh is ea measúnú a dhéanamh ar chumas teagaisc (measúnacht san áireamh).

Gnásanna maidir le seoladh earcaíochta:

- Róil, freagrachtaí agus cóid iompair
- Caighdeáin acadúla/gairmiúla/theicniúla don fhoireann ar fad agus conas a dhéantar iad seo a chothabháil agus a fheabhsú
- Caighdeáin oideolaíocha don fhoireann teagaisc agus conas a dhéantar iad seo a chothabháil agus a fheabhsú
- Próifílí foirne a thagarmharcáil (ag leibhéal an chláir) le próifílí soláthraithe comhchosúla
- Earcú, roghnú, promhadh agus tionacht
- Aiseolas rialta agus tráthúil ón bhfoghlaimeoir agus aiseolas ábhartha eile maidir leis an bhfoireann teagaisc a bhailiú agus a úsáid
- Oiliúint oideolaíoch agus deimhniú na foirne teagaisc
- Bainistíocht feidhmíochta

## 4.2 CUMARSÁID FOIRNE

Tá sé soiléir conas a bhailítear agus a úsáidtear tuairimí na mball foirne ar bhonn tréimhsiúil agus leanúnach trí phróisis inmheánacha féinmhonatóireachta agus athbhreithnithe clár. Tá sé soiléir conas a choinnítear baill foirne ar an eolas faoi cheisteanna a bhaineann lena réimsí cláir.

## 4.3 FORÁS FOIRNE

Tá timpeallacht an tsoláthraí dírithe ar fheabhsúchán agus úsáidtear na hacmhainní atá ar fáil chun:

- Deiseanna d'fhorás gairmiúil na foirne teagaisc a thairiscint agus a chur chun cinn
- Gníomhaíocht scolártha a spreagadh, de réir mar is cuí, chun an nasc idir oideachas, teagasc agus taighde a neartú
- Gníomhaíocht a spreagadh chun na naisc idir oideachas, teagasc, taighde agus forbairtí eile laistigh de réimsí a neartú
- Nuáil i modhanna teagaisc agus úsáid teicneolaíochtaí nua a spreagadh

Tá teacht ag baill foirne ar thacaíocht agus ar dheiseanna foráis bunaithe ar chur chuige córasach chun a riachtanais oiliúna agus forbartha gairmiúla leanúnaí a aithint. Tá córas inmheánach tacaíochta do bhaill foirne nuacháilithe, nó baill foirne a bhfuil taithí íosta acu, doiciméadaithe agus i bhfeidhm. Tá meicníocht i bhfeidhm chun aiseolas a thabhairt do bhaill foirne ar a láidreachtaí agus ar réimsí a dteastaíonn feabhsú uathu.

Tá pleanáil agus acmhainní tiomanta do riachtanais oiliúna foirne a aithint agus díriú orthu.

# 5 TEAGASC AGUS FOGHLAIM

## 5.1 TEAGASC AGUS FOGHLAIM

Déantar monatóireacht ar cháilíocht an eispéiris foghlama ar bhonn leanúnach. Sonraíonn beartas gaolmhar tiomantas an tsoláthraí don fhéinmhonatóireacht agus d'fheabhsú cháilíocht an teagaisc agus na foghlama ar a chláir oideachais agus oiliúna, ar thaighde agus ar sheirbhísí gaolmhara.

## 5.2 ÉITEAS SOLÁTHRAÍ TRÍNA GCUIRTEAR AN FHOGHLAIM CHUN CINN

Tá pobal oscailte ag an soláthraí ina léirítear meas ar mhachnamh criticiúil agus ina gcothaítear forás pearsanta agus gairmiúil foghlaimeoirí agus baill foirne araon. Tá na cáilíochtaí agus an taithí chuí ag an bhfoireann. Tá próisis i bhfeidhm lena chinntiú go léiríonn ábhar na gclár dul chun cinn sna disciplíní ábhartha agus go n-ionchorpraíonn an stíl oideolaíoch cleachtas éifeachtach náisiúnta agus idirnáisiúnta. An timpeallacht foghlama:

- Léirítear meas ar éagsúlacht na bhfoghlaimeoirí agus freastalaítear orthu agus ar a gcuid riachtanas, rud a chumasaíonn cosáin sholúbtha foghlama
- Déanann sé breithniú ar mhodhanna éagsúla seachadta a úsáid, nuair is cuí
- Úsáidtear modhanna oideolaíocha éagsúla go solúbtha, a ndéantar iad a mheas agus a choigeartú dá réir

- Spreagann sé féinriail san fhoghlaimeoir, agus ag an am céanna féachtar chuige go gcuirtear dóthain treorach agus tacaíochta ar fáil don fhoghlaimeoir
- Cothaíonn sé meas ar a chéile laistigh den chaidreamh idir foghlaimeoir agus múinteoir
- Tá gnásanna ann chun déileáil le gearáin ó fhoghlaimeoirí
- Tá gnásanna ann chun déileáil le hachomhairc ó fhoghlaimeoirí

## 5.3 CLEACHTAS ÉIFEACHTACH NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

Téann an soláthraí i dteagmháil leis an bpobal cleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcoitinne chun teagasc agus taighde a fheabhsú.

## 5.4 TIMPEALLACHTAÍ FOGHLAMA

Cinntíonn an soláthraí go bhfuil leibhéal an chláir agus timpeallacht foghlama gach cláir araon feiliúnach trí dhíriú ar:

**a) An iliomad comhthéacsanna ina dtagann deiseanna foghlama chun cinn**

Mar shampla, foghlaimeoirí ag obair le chéile ar thionscadail i saotharlann atá feistithe go cuí, nó saoráid oiliúna faoi mhaoirseacht, le tacaíocht theicniúil riachtanach agus rochtain ar thagairtí riachtanacha leabharlainne, agus córais theicniúil agus faisnéise. Oibríonn na gnéithe seo go léir le chéile chun tacú leis an bhfoghlaim.

**b) Timpeallachtaí foghlama éagsúla**

Tugtar aird chomhionann ar dhearbhú cáilíochta na timpeallachta foghlama in aon chineál comhthéacs foghlama dáilte, mar ionaid for-rochtana nó i gcomhoibriú le soláthraithe nó eagraíochtaí eile.

**c) Foghlaim lasmuigh den champas**

Mar shampla, socrúcháin chleachtais / oibre san fhoghlaim lasmuigh den champas. Is minic a chomhtháthaítear iad seo i gcláir ghairmiúla nó oiliúna. Sainíonn socrúcháin dá leithéid timpeallachtaí foghlama freisin.

**d) Áitreabh fisiceacha, trealamh agus áiseanna**

Déanann an soláthraí athbhreithniú rialta ar éifeachtacht a áitribh, a threalamh agus a shaoráidí chun a leordhóthanacht agus a n-éifeachtacht leanúnach a chinntiú maidir leis na cláir oideachais agus oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara.

# 6 MEASÚNÚ FOGHLAIMEOIRÍ

Bunaíonn creat measúnaithe an tsoláthraí fealsúnacht an tsoláthraí maidir le measúnú na bhfoghlaimeoirí, agus an cur chuige maidir leis an measúnú sin, i measúnuithe foirmiúla (áit a mbíonn deimhniú mar thoradh air) agus sa mheasúnú intí araon. Díríonn sé, leis, ar mheasúnú an tsoláthraí a riar.

## 6.1 MEASÚNÚ AR GHNÓTHACHTÁIL FOGHLAMA

Ionchorpraítear sa chreat measúnaithe gnásanna agus córais maidir le slándáil agus sláine an phróisis measúnaithe, lena n-áirítear:

A. Ábhair mheasúnaithe (coimrí tástála/taisc, mionteagasc scrúduithe srl.)

B. Próisis mheasúnaithe (maoirsiú trialacha srl.)

C. Obair foghlaimeora (tascanna, trialacha praiticiúla, scripteanna scrúdaithe, obair thionscadail srl.)

D. Coinníonn an soláthraí taifid de mheasúnú foghlaimeoirí

Déanann measúnú na bhfoghlaimeoirí gnóthachtáil na foghlama a thomhas nó tátal a bhaint astu. Tá an measúnú cothrom agus comhsheasmhach, déantar é go gairmiúil i gcónaí agus cuirtear san áireamh an t-eolas fairsing atá ann faoi phróisis tástála agus scrúdaithe. Soláthraíonn aiseolas agus anailís ar mheasúnú faisnéis luachmhar freisin do sholáthraithe faoi éifeachtacht an chláir, tacaíochtaí teagaisc agus foghlaimeora.

Dírítear i mbeartais agus i ngnásanna a bhaineann le measúnú ar fhoghlaimeoirí ar:

I. Freagracht an fhoghlaimeora as gnóthachtáil foghlama a léiriú

II. iAn chaoi a dtacaíonn measúnú le caighdeáin bunaithe ar thorthaí foghlama

III. An chaoi a gcuireann measúnú foghlaim agus teagasc éifeachtach chun cinn agus a dtacaíonn sé leo

IV. Inchreidteacht agus slándáil gnásanna measúnaithe

V. Modhanna measúnaithe a rialáil, lena chinntiú go ndéantar iad a athbhreithniú agus a athnuachan de réir mar is gá le rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí chun oiriúnú do riachtanais atá ag teacht chun cinn

VI. Measúnú a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí ag pointí cuí den chlár agus a chinntiú/cinntiú go gcuirtear aiseolas ar thorthaí an mheasúnaithe ar fáil do scoláirí ar bhealach tráthúil agus cuí

VII. Cuirtear foghlaimeoirí ar an eolas faoi conas agus cén fáth a ndéantar measúnú orthu agus tugtar aiseolas dóibh ar mheasúnú

VIII. Bíonn foghlaimeoirí páirteach in athbhreithniú tréimhsiúil ar ghnásanna measúnaithe

Comhlíonann na próisis measúnaithe, gearáin agus achomhairc na caighdeáin chéanna maidir le cothroime, comhsheasmhacht agus oiriúnacht chun críche agus a chomhlíonann an measúnú i gcoitinne. Thar aon ní eile, tá siad simplí, éifeachtach, tráthúil agus trédhearcach.

# 7 TACAÍOCHTAÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ

## 7.1 TACAÍOCHTAÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ

Déantar monatóireacht ar bhonn leanúnach ar leorgacht na n-acmhainní atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Déantar acmhainní foghlama a nuashonrú agus a leathnú de réir mar is gá chun cur chuige cothrom le dáta agus riachtanais an fhoghlaimeora a léiriú mar a shainaithnítear trí aiseolas ar theagasc agus ar fhoghlaim. Tá siad seo a leanas i bhfeidhm:

**a) Cur chuige comhtháite ó thaobh an fhoghlaimeora de**

Tá raon na n-acmhainní foghlama agus na dtacaíochtaí foghlaimeora chomh comhleanúnach agus comhtháite agus is féidir:

- Tá gnásanna i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na hacmhainní go léir oiriúnach don fheidhm agus insroichte
- Cuirtear foghlaimeoirí ar an eolas faoin raon iomlán seirbhísí atá ar fáil dóibh
- Déantar suirbhé bliantúil ar fhoghlaimeoirí chun a dtuairim fhoriomlán a fháil ar acmhainní foghlama agus ar thacaíochtaí don fhoghlaimeoir
- Éistear le dearcthaí foghlaimeoirí faoi leordhóthanacht agus cáilíocht na n-acmhainní foghlama agus na dtacaíochtaí d›fhoghlaimeoirí
- Freagraíonn gach acmhainn foghlama agus tacaíocht d'fhoghlaimeoirí do (i) riachtanais an chláir; (ii) athbhreithniú clár agus gníomhaíochtaí meastóireachta eile agus (iii) próisis bhreithnithe nó cinnteoireachta ina dteastaíonn aiseolas ar thacaíocht d'fhoghlaimeoirí
- Baineann aonaid éagsúla tacaíochta d'fhoghlaimeoirí/acmhainne leas as líonrú lena chéile chun cur chuige comhleanúnach a chinntiú
- Cuirtear acmhainní agus tacaíochtaí chun cinn go gníomhach lena chinntiú go bhfuil foghlaimeoirí ar an eolas faoina bhfuil ann
- Déantar acmhainní agus tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí a thagarmharcáil i gcomparáid le caighdeáin

**b) Tréadchúram[2]**

Cuimsíonn an timpeallacht foghlama tacaíochtaí tréadchúraim a sholáthraíonn an fhoireann d'fhoghlaimeoirí. Áirítear leis seo cúram tréadchúraim agus oideachasúil, mar theagascóirí, meantóirí, comhairleoirí síceolaíochta agus comhairleoirí eile. *An Cód Cleachtais um Sholáthar Oideachais agus Oiliúna d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta*[3] nuair is infheidhme.

2 Tagraíonn tréadchúram don tacaíocht mhothúchánach agus phearsanta do leas ginearálta na bhfoghlaimeoirí.
3 Arna fhoilsiú ag QQI, Iúil 2015.

### c) Rochtain ar sheirbhísí a bhaineann le cláir

Déantar athbhreithniú rialta ar leorgacht agus éifeachtacht na seirbhísí acadúla agus na seirbhísí tacaíochta eile go léir a bhaineann leis an gclár oideachais agus oiliúna, mar shampla:

- Seirbhísí leabharlainne, faisnéise agus ríomhaireachta agus rochtain orthu sin
- Seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí (idir acadúil agus neamhacadúil)
- Seirbhísí riaracháin
- Seirbhísí teicniúla
- Seirbhísiú áitreabh agus seirbhísí cothabhála
- Seirbhísí atá dírithe ar mhisean agus oibríochtaí an tsoláthraí a chur in iúl d'fhoghlaimeoirí, d'fhoghlaimeoirí ionchasacha, do sholáthraithe eile, d'fhostóirí, d'fhorais ghairmiúla agus oiliúna agus don phobal i gcoitinne
- Seirbhísí tacaíochta eile a bhaineann le soláthar

Tá na cáilíochtaí cuí ag an bhfoireann tacaíochta agus riaracháin agus faigheann siad deiseanna d'fhorás foirne. Cuirtear riachtanais de chuid pobal éagsúil foghlaimeoirí (lánaosta, páirtaimseartha, fostaithe, idirnáisiúnta, chomh maith le foghlaimeoirí faoi mhíchumas) san áireamh agus acmhainní agus tacaíochtaí foghlama á bpleanáil agus á gcur ar fáil.

### d) Ionadaíocht d'fhoghlaimeoirí

Tá meicníochtaí ann chun gur féidir le foghlaimeoirí uiríll a dhéanamh leis an soláthraí faoi ábhair imní ghinearálta do ghrúpa na bhfoghlaimeoirí.

### e) Treoir

Cuirtear seirbhísí treoracha riachtanacha ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar chláir de réir mar is cuí. Cuirtear eolas cruinn agus ábhartha ar an gclár, lena n-áirítear sonraí ar bhealaí gairme féideartha, ar fáil d'fhoghlaimeoirí roimh chlárú ar an gclár.

## 8 EOLAS AGUS BAINISTIÚ SONRAÍ

Tá faisnéis agus sonraí iontaofa ar fáil chun cinnteoireacht eolach a dhéanamh agus chun a chinntiú go bhfuil a fhios ag na soláthraithe cad atá ag obair go maith agus cad is gá aird a thabhairt air. Tá rialuithe agus struchtúir i bhfeidhm chun sonraí/tuarascálacha ainmnithe a chruthú a chuirtear in iúl don fhoireann agus don bhainistíocht ar mhaithe le féinmhonatóireacht agus pleanáil. Léiríonn an fhaisnéis a bhailítear comhthéacs agus misean an tsoláthraí.

Samplaí de shonraí foghlaimeora is ea sonraí pearsanta, faisnéis teagmhála, torthaí measúnaithe leanúnacha, céimeanna críochnaithe, roghanna ábhar agus torthaí, dámhachtainí a bronnadh agus rangú dámhachtainí.

## 8.1 CÓRAIS FAISNÉISE

Sainaithnítear bearta iomchuí, cainníochtúla agus cáilíochtúla ar féidir iad a úsáid mar thagarmharcanna nó mar phríomhtháscairí feidhmíochta. Samplaí is ea íoslíon agus uaslíon na bhfoghlaimeoirí in aghaidh an chláir; próifíl an phobail foghlaimeoirí; rátaí sástachta foghlaimeoirí; dul chun cinn foghlaimeoirí/laghdú foghlaimeoirí nó rátaí fágála/críochnaithe rátaí; rátaí bronnta céime/deimhnithe, lena n-áirítear anailís ar ghráid; cosáin ghairme na gcéimithe.

Úsáidtear modhanna éagsúla chun faisnéis a bhailiú de réir mar is cuí. Bíonn foghlaimeoirí agus baill foirne páirteach i soláthar agus in anailísiú faisnéise agus i bpleanáil gníomhaíochtaí leantacha.

## 8.2 CÓRAIS FAISNÉISE FOGHLAIMEOIRÍ

Tá córas bainistíochta faisnéise d'fhoghlaimeoirí an tsoláthraí láidir, cuimsitheach agus in ann:

- taifid slána foghlaimeoirí a choinneáil lena n-úsáid anois agus le haghaidh athbhreithniú stairiúil
- tuarascálacha a sholáthar atá riachtanach do bhainistiú cáilíochta agus feabhsú inmheánach
- sonraí a ghiniúint atá riachtanach do chórais sheachtracha rialála, ghairmiúla nó náisiúnta de réir mar is cuí, agus atá comhoiriúnach leo
- tuarascálacha staitistiúla agus tuarascálacha eile a ghiniúint chun riachtanais faisnéise inmheánacha agus seachtracha a chomhlíonadh, mar shampla, ar bhunachar sonraí clár agus dámhachtainí QQI mar a fhorordaítear sa reachtaíocht
- a chinntiú go gcoimeádtar an bunachar sonraí go slán agus go bhfuil sonraí a bhaineann le measúnuithe foghlaimeoirí cruinn agus iomlán

## 8.3 CÓRAIS FAISNÉISE FOGHLAIMEOIRÍ

Cumasaíonn an córas bainistíochta faisnéise an soláthraí chun faisnéis riachtanach a stóráil agus a chainéalú go dtí an áit ina bhfuil gá leis, nuair a bhíonn gá leis. Cumasaítear leis anailís thráthúil i bhfianaise príomhtháscairí feidhmíochta agus cuspóirí.

## 8.4 FAISNÉIS LE HAGHAIDH PLEANÁLA

Déantar athbhreithniú iomlánaíoch ar an bhfaisnéis atá sa chóras faisnéise bainistíochta ó am go chéile chun a fháil amach cad iad na léargais bhreise a gheofar uaidh.

## 8.5 RÁTAÍ CRÍOCHNAITHE

Bailítear rátaí críochnaithe, úsáidtear iad agus cuirtear ar fáil d'athbhreithneoirí seachtracha cáilíochta iad.

### 8.6 TAIFID A CHOIMEÁD AGUS A CHOINNEÁIL 18

Tá beartas ann chun taifid a bhaineann le cáilíocht a bhunú agus a chothabháil. Sonraíonn sé tréimhsí coinneála sonraí. Go hiondúil, cuimsíonn taifid míreanna ar nós cuspóirí, pleananna agus spriocanna; táscairí feidhmíochta; fianaise a úsáidtear chun feidhmíocht a mheas i gcomparáid le cuspóirí; tuarascálacha féinmhonatóireachta; tuarascálacha meastóireachta; miontuairiscí na gcruinnithe DC; bearta a glacadh (lena n-áirítear athruithe a rinneadh ar an gcóras dearbhaithe cáilíochta) agus an réasúnaíocht leo sin; agus tuarascálacha leantacha.

### 8.7 COSAINT SONRAÍ AGUS SAORÁIL FAISNÉISE

Tá an córas faisnéise deartha chun comhlíonadh na reachtaíochta um chosaint sonraí a chumasú. Comhlíontar oibleagáidí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Áirítear leis seo rialuithe rochtana sonraí, córais chúltaca sonraí a bhunú agus a chinntiú go soiléiríonn ábhar faisnéise d'fhoghlaimeoirí cad iad na sonraí pearsanta a bhaileofar, cad chuige agus cé leis a roinnfear iad.

## 9 FAISNÉIS AGUS CUMARSÁID PHOIBLÍ

Tagraíonn faisnéis phoiblí d'fhaisnéis a chuireann soláthraithe in iúl agus a fhoilsíonn faoina ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear a gcláir oideachais agus oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara; faoin soláthraí agus a bheartais agus a ghnásanna dearbhaithe cáilíochta; agus faoi mheastóireacht agus torthaí ó mheastóireachtaí dearbhaithe cáilíochta.

### 9.1 FAISNÉIS PHOIBLÍ;

Tá beartais agus gnásanna ann a chinntíonn go bhfuil an fhaisnéis a fhoilsítear soiléir, cruinn, oibiachtúil, cothrom le dáta agus insroichte go héasca. Comhlíonann faisnéis a fhoilsítear i dtaobh na gclár oideachais agus oiliúna spiorad agus riachtanais

Acht 2012, lena n-áirítear na ceanglais a shonraítear maidir le gnásanna dearbhaithe cáilíochta a ullmhú agus a thuairisciú; gnásanna dearbhaithe cáilíochta a fhoilsiú; faisnéis a bhaineann le creidiúnú/bailíochtú clár agus (go háirithe) cláir atá neamhchreidiúnaithe nó nach leanann dámhachtainí astu; cláir a chríochnú agus caighdeáin a bhaint amach; gnásanna maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn; an Marc Oideachais Idirnáisiúnta; faisnéis do mhic léinn rollaithe; clár na soláthróirí agus bunachar sonraí na ndámhachtainí agus na gclár arna gcothabháil ag QQI.

### 9.2 FAISNÉIS D'FHOGHLAIMEOIRÍ

Cuirtear an fhaisnéis ábhartha ar fad faoi chláir agus faoi dhámhachtainí ar fáil d'fhoghlaimeoirí ionchasacha agus reatha, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- cibé acu an leanann dámhachtain as clár nó nach leanann
- ainm an fhorais cháiliúcháin

- teideal na dámhachtana; cibé an aithnítear an dámhachtain sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) agus más ea, an cineál dámhachtana agus an leibhéal ar an CNC
- cibé an bhfuil an clár faoi réir gnásanna maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn agus má tá cad iad féin
- sonraí na socruithe um Chosaint d'Fhoghlaimeora Rollaithe (PEL) atá i bhfeidhm, más ceanglas é PEL

Féachtar do chruinneas na faisnéise sin. Tá an fhaisnéis d'fhoghlaimeoirí ionchasacha macánta, trédhearcach agus éascaíonn sé comparáidí.

### 9.3 TUARASCÁLACHA MEASTÓIREACHTA AR DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA A FHOILSIÚ

Tuairisc scríofa a chur ar fáil agus, nuair is cuí, plean feabhsaithe cáilíochta an toradh a bhíonn ar mheastóireachtaí cáilíochta tábhachtacha, foirmiúla, faoi úinéireacht an tsoláthraí. Foilsítear príomhthorthaí i bhformáid agus i suíomh insroichte go héasca ar shuíomh Gréasáin an tsoláthraí a luaithe is indéanta tar éis ócáid na meastóireachta agus ar bhealach iontuigthe.

## 10 PÁIRTITHE EILE ATÁ RANNPHÁIRTEACH IN OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

### 10.1 PIARCHAIDREAMH LEIS AN BPOBAL GINEARÁLTA OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Leanann cáilíochtaí aitheanta as oideachas agus oiliúint. Tá sé mar aidhm ag dámhachtainí a dhéantar ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí aitheantas frithpháirteach agus muinín a chothú sna torthaí foghlama a bhaineann foghlaimeoirí amach. Eagraítear dámhachtainí, creidiúnú, socruithe comhoibrithe, socruithe agus comhpháirtíochtaí eile, in Éirinn agus thar lear, a thairgeann an soláthraí nó a thairgtear tríd le forais a bhfuil dea-cháil orthu, agus tá siad faoi réir gnásanna dearbhaithe cáilíochta inmheánacha agus seachtracha cuí. Foilsítear ar láithreán gréasáin an tsoláthraí nádúr gach socraithe den sórt sin atá i bhfeidhm leis an bpobal ginearálta oideachais agus oiliúna náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### 10.2 COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ SEACHTRACHA AGUS DARA SOLÁTHRAITHE

Áirítear le gnásanna dearbhaithe cáilíochta soláthar le haghaidh caidreamh le comhpháirtíochtaí seachtracha agus dara soláthraithe. Clúdaíonn gnásanna gach socrú den sórt sin, lena n-áirítear soláthar a chur ar fo-chonradh, taighde nó comhpháirtíochtaí eile i soláthar clár nó taighde nó seirbhísí gaolmhara sa bhaile agus thar lear de réir mar is cuí. Áirítear le gnásanna dearbhaithe cáilíochta forálacha le haghaidh dícheall chuí maidir le clú, stádas dlíthiúil, seasamh agus inbhuanaitheacht airgeadais aon pháirtithe nó dara soláthraithe den sórt sin a bhfuil baint acu le soláthar soláthraithe nó seirbhísí gaolmhara. Foilsítear nádúr gach socraithe den sórt sin atá i

bhfeidhm leis an bpobal ginearálta oideachais agus oiliúna náisiúnta agus idirnáisiúnta. Foilsítear in aon áit amháin ar leithligh gach socrú trasnáisiúnta a bhfuil baint ag an soláthraí leis.

### 10.3 SAINEOLAITHE AR PHAINÉIL, SCRÚDAITHEOIRÍ AGUS FÍORDHEIMHNITHEOIRÍ

Áirítear leis na gnásanna dearbhaithe cáilíochta critéir agus gnásanna sainráite maidir le hearcú agus fostú saineolaithe seachtracha, neamhspleácha, náisiúnta agus idirnáisiúnta (nuair is cuí), lena n-áirítear sainchomhaltaí painéil a roghnú agus a earcú.

Cuirtear treoirlínte eiticiúla ar fáil do na saineolaithe maidir le roghnú agus rannpháirtíocht saineolaithe seachtracha den sórt sin. Ceanglaítear ar shaineolaithe seachtracha, mar chuid díobh seo, dearbhú a thabhairt ar aon leasanna a d'fhéadfadh teacht salach ar an ról nó leis ar na freagrachtaí atá molta ag an soláthraí. Déantar neamhspleáchas agus saineolas a athbhreithniú gach uair a fhostaítear duine mar go bhféadfadh ceachtar den dá cheann athrú. Déanann an soláthraí ainmneacha agus cleamhnachtaí lucht na bpainéal, na scrúdaitheoirí agus na bhfíordheimhnitheoirí saineolacha agus na saineolaithe seachtracha eile a bhaineann leis an soláthraí a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

## 11 FÉINMHEASTÓIREACHT, MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

Cuid bhunúsach de chóras dearbhaithe cáilíochta an tsoláthraí is ea athbhreithniú agus féinmheastóireacht ar cháilíocht, lena n-áirítear athbhreithniú ar chláir oideachais agus oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara. Is é cuspóir na féinmheastóireachta sin athbhreithniú, meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na seirbhísí oideachais, oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara a sholáthraíonn an soláthraí agus ar an gcóras dearbhaithe cáilíochta agus ar na gnásanna atá mar bhonn leo. Agus é sin á dhéanamh, sainaithnítear agus coinnítear cleachtais éifeachtacha atá ann cheana féin, agus dírítear ar réimsí ar gá iad a fheabhsú.

### 11.1 ATHBHREITHNIÚ INMHEÁNACH, FÉINMHEASTÓIREACHT AGUS MONATÓIREACHT FAOI ÚINÉIREACHT AN TSOLÁTHRAÍ

Breithníonn an soláthraí torthaí athbhreithnithe faoi úinéireacht an tsoláthraí agus athbhreithnithe seachtracha agus gníomhartha leantacha a dhéantar agus é ag ullmhú d'athbhreithnithe seachtracha atá le teacht. Déantar anailís ar thorthaí na féinmheastóireachta agus bíonn siad ar fáil don timthriall athbhreithnithe seachtrach, bíonn siad nasctha leis, agus tacaíonn

Siad leo. Is gnách gur ar mhinicíocht agus ar scála a idirdhealaítear idir féinmhonatóireacht leanúnach inmheánach agus féinmheastóireacht fhoirmiúil. Tá fócas ginearálta, córasach leis an bhféinmheastóireacht agus déantar í ag eatraimh shonraithe. Bíonn féinmhonatóireacht inmheánach ar siúl go leanúnach agus dírítear go hiondúil ar tháscairí sonracha.

## 11.2 FÉINMHONATÓIREACHT INMHEÁNACH

Áirítear ar ghnásanna féinmhonatóireachta:

A. Córas de bhearta cáilíochta cuí: Sainaithnítear bearta cáilíochta cuí ar féidir iad a sheiceáil le linn monatóireachta, mar shampla, rátálacha sástachta foghlaimeoirí, rátaí críochnaithe/deimhnithe, ábharthacht na dtorthaí don mhargadh, leibhéil earráide. Déanann an córas cáilíochta monatóireacht ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus ar dhul chun cinn i gcomparáid le cuspóirí.

B. Fianaise a bhailiú ar bhaint amach na gcuspóirí: Nuair a shocraítear cuspóirí, breathnaítear ar an gcineál fianaise nó faisnéise a theastaíonn chun a chinneadh cé acu ar baineadh nó nár baineadh an cuspóir amach, agus conas agus cén áit a bhfaighfear an fhaisnéis seo agus cé a gheobhaidh í. Tá tábhacht ar leith le cuspóirí a bhaineann le torthaí (i.e. táirge), ach tá cuspóirí a bhaineann le hionchuir, próisis agus timpeallachtaí mar chuid den chóras dearbhaithe cáilíochta freisin.

C. Breithniú ar chuspóirí a chur in ord tosaíochta: tugtar tosaíocht do chuspóirí tábhachtacha fiú nuair is deacair iad a bhaint amach nó a gcáilíocht a dhearbhú. Ní cuspóirí atá furasta a mheasúnú amháin ná cuspóirí ar beag a n-iarmhairt agus iad sin amháin atá mar sprioc ag dearbhú cáilíochta.

D. Gníomhú ar thorthaí: Úsáidtear gach toradh meastóireachta dearbhaithe cáilíochta atá faoi úinéireacht an tsoláthraí chun plean feabhsaithe cáilíochta a chur le chéile ina leagtar amach sceideal gníomhaíochtaí. Sainaithnítear ann na daoine atá freagrach as bearta agus as obair leantach. Ní fhaightear dreasachtaí claonta mar thoradh ar dhearbhú cáilíochta.

## 11.3 FÉINMHEASÚNÚ, FEABHSÚ AGUS BREISIÚ

Dírítear san fhéinmheastóireacht go háirithe ar cháilíocht, nó ar an tionchar ar, eispéiris, gnóthachtálacha, cion tairbhe an fhoghlaimeora agus ar thorthaí an iliomad geallsealbhóirí atá páirteach sa chóras cáilíochta. Ar an tionchar ar fhoghlaimeoirí agus ar pháirtithe leasmhara eile, seachas ar bheartais agus gnásanna a chuirtear an bhéim. Féachtar ar an bhféinmheastóireacht mar dheis chun dul i mbun idirphlé ríthábhachtach le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear foghlaimeoirí, fostóirí, comhpháirtithe comhoibríocha, agus saineolaithe seachtracha a úsáideann an soláthraí ina ghnásanna dearbhaithe cáilíochta. Tá dhá aschur ag an bhféinmheastóireacht bhunúsach: tuairisc féinmheastóireachta, lena n-áirítear tátail agus moltaí le haghaidh feabhsúcháin, agus plean feabhsúcháin nó plean gníomhaíochta ina sonraítear conas agus cathain a ndíreoidh an soláthraí ar na moltaí a rinneadh sa tuarascáil féinmheastóireachta, agus cé a bheidh freagrach as é sin a dhéanamh. Comhdhlúthaíonn an tuarascáil féinmheastóireachta réimsí cleachtais éifeachtacha agus dírítear inti ar réimsí a dteastaíonn feabhsú orthu. Cuirtear gníomhartha a aontaítear tar éis na féinmheastóireachta i bhfeidhm agus bíonn an éifeacht a bheartaítear acu.

## 11.4 TÁ GAOL IDIR DEARBHÚ CÁILÍOCHTA ATÁ FAOI ÚINÉIREACHT AN TSOLÁTHRAÍ AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA SEACHTRACH

Tá ceangal idir an córas dearbhaithe cáilíochta agus oibleagáidí seachtracha DC an tsoláthraí, lena n-áirítear athbhreithniú seachtrach reachtúil ar DC faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012, agus aon chórais creidiúnaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag an soláthraí, idir reachtúil agus deonach.